# Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha/P1-P2



POBAIL INA MBÍONN ...

CREIDEAMH

FOGHLAIM

GRÁ

TEACHT ANIAR

DÓCHAS

# Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha: Ón gCuraclam – Leibhéal 1

| Creideamh Críostaí | Briathar Dé |
| --- | --- |
| **Rúndiamhair Dé**<br>• Gearrann na Críostaithe fíor na croise orthu féin in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spiorad Naoimh.<br>• Is é Dia ár nAthair grámhar agus ár gCruthaitheoir (Gein 1:26-7).<br>• Is maith é Dia (Salm 116:1).<br>• Aithníonn Dia muid agus tugann sé grá dúinn (Salm 139).<br>• Is é Dia mo chara.<br>**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríocht**<br>• Ciallaíonn slí mhaireachtála an pharóiste go mbímid ag roinnt lena chéile, ag tabhairt aire dá chéile, ag guí lena chéile (CCC 2179; CSRE 2a).<br>• Áit ar leith é an séipéal. Cruinníonn pobal Dé lena chéile ann le guí chuige.<br>• Cabhraíonn an teaghlach linn cairdeas a dhéanamh le hÍosa.<br>• Cabhraíonn an sagart/oide linn cairdeas a dhéanamh le hÍosa (LG 10). | **Scrioptúr Naofa**<br>• Matha 7:12 |
| **Liotúirge & Urnaí** | **An Mhoráltacht Chríostaí** |
| **Urnaí**<br>• Glaonn Dia chun urnaí muid agus tugaimid freagra air (GS 18; CCC 2567).<br>• Éisteann Dia i gcónaí lenár nguí.<br>• Is é an séipéal teach Dé. Cruinníonn teaghlach Dé lena chéile ann (CCC 1180; LG 6; 1 Tiom 3:15).<br>• Cruinníonn teaghlach Dé lena chéile i séipéal an pharóiste le guí agus ceiliúradh a dhéanamh (CCC 1069-71, 2179).<br>• Spás beannaithe é an séipéal. Téann daoine ann chun chainte le Dia is guí a dhéanamh (CCC 1181). | **Dínit an Duine**<br>• Gránn Dia gach duine againne (Iar 31:3; 1 Eoin 4:10-11; CSRE 3a).<br>• Duine ar leith mise toisc gur chruthaigh Dia mé (CCC 1004; Gein 1:26-7; Salm 137:14).<br>• Iarrtar orm grá a thabhairt do Dhia agus don duine eile (Matha 22:36-40).<br>• Duine ar leith gach aon duine i thuairim Dé (CCC 225, 356-61, 369, 1604, 1700-01, 1944-46, 2319, 2334; CSRE 3a). |

# An Luan – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh

**25 Eanáir 2021**

‘Imígí faoin domhan uile;
agus fógraígí an soiscéal don chruthaíocht uile’ (Marcas 16:15).

**Smaoinigh:**

- Pobal is ainm don ghrúpa duine a roinneann rud áirithe lena chéile. Ainmnigh pobail éagsúla: clubanna CLG, foirne an chontae, pobal an tsráidbhaile, pobal an pharóiste agus araile.

- Pobail ar leith an Chreidimh iad na Scoileanna Caitliceacha. Ciallaíonn sin gur chuid de phobal an pharóiste iad, a fhreastalaíonn ar Dhia agus a thugann grá dó.

- Gránn Dia muid. Ba mhaith leis go mbeimis ag maireachtáil ar nós Íosa inár gcuid smaointe, inár ngníomhartha, i ngach a deirimid.

- Iarr ar na daltaí a rá conas a bheimis ag maireachtáil ar nós Íosa, agus conas mar is ceart dúinn aire a thabhairt dá chéile inár gcuid smaointe, inár ngníomhartha, i ngach a deirimid.

**Scrúdaigh:**

- Déan cuid de na rudaí a dhéanaimid le tabhairt le fios do chách gur chuid de phobal an Chreidimh muid, a scrúdú leis an rang. Nuair a ghuímid bímid níos giorra do Dhia. Nuair a théimid ar Aifreann i séipéal an pharóiste bíonn deis againn cruinniú lena chéile mar phobal, agus Dia a adhradh. Nuair a chabhraímid le daoine eile agus a bheith cineálta le cách, bímid ag maireachtáil de réir thola Íosa.

- Mínigh do na páistí go mbronnann an sagart beannacht speisialta orainn ag deireadh an Aifrinn. Tugtar an gnás scaipthe ar an mbeannacht seo. Iarrtar orainn imeacht go síochánta agus maireachtáil ar nós Íosa. Cuirtear ceist orainn dea-shampla a thabhairt, agus an cumas agus na buanna atá ionainn a úsáid le misean Íosa a fhógairt don domhan.


- Taispeáin pictiúr de shéipéal an pharóiste ar an gclár bán idirghníomhach. Mínigh do na paistí gur teach Dé atá anseo acu. Nuair a chruinnímid lena chéile ann, bíonn Dia ansin inár measc ar bhealach ar leith. Luaigh ceiliúrtha speisialta a tharlaíonn ansin: an baisteadh, an pósadh, an Chéad Chomaoin agus mar sin de.

- Pobal an Chreidimh atá againn ar scoil toisc go bhfoghlaimímid ansin maidir le grá Dé dúinn, agus conas mar is féidir urnaí a dhéanamh chuige. Ba mhaith le hÍosa fáilte a chur roimh chách, agus aire a thabhairt do chách chomh maith.

**Gníomhaíocht:**

- Míníonn an t-amhrán *God’s Love is so Wonderful* an grá atá ag Dia dúinn: https://www.youtube.com/watch?v=Ju38Sdc2cSg

- Is féidir an pictiúr thíos a dhathú.


Ag Dul ar Aifreann

# An Mháirt – Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Foghlama

**26 Eanáir 2021**

### Smaoinigh:

- Pobal na foghlama atá againn ar scoil toisc go gcruinnímid lena chéile gach lá le rudaí nua a fhoghlaim.
- Sna Scoileanna Caitliceacha, foghlaimímid mar gheall ar an mata, an Ghaeilge agus mar gheall ar an domhan atá mórthimpeall orainn.
- Bíonn rialacha le foghlaim is le leanúint ionas go mbeidh gach aon duine slán sona sábháilte ar scoil.
- Foghlaimímid conas aire a thabhairt dúinn féin, don duine eile, don timpeallacht. Foghlaimímid conas Riail Órga Íosa a leanúint.

### Scrúdaigh:

- Cad iad na rialacha a leantar sa seomra ranga agus ar scoil. Cén tábhacht a bhaineann le rialacha?
- Léigh Matha 7:12 don rang.
- 'Bí le daoine eile de réir mar ba mhaith leat go mbeifí leatsa'.
- Cad a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé a leithéid? Déan ransú smaointe agus scríobh na bealaí ina bhféadfaimis é sin a chur i bhfeidhm.

### Gníomhaíocht:

- Déan Rialóir Órga. Tabhair píosa cairtchláir de thoise rialóra do gach dalta. Scríobhtar an Riail Órga air, nó déantar pictiúr a léiríonn an Riail Órga á chur i bhfeidhm ag na daltaí. Is féidir an riail a phriontáil agus a bhronnadh ar na daltaí le maisiú, agus le greamú ar chairtchlár más maith libh. D'fhéadfaí an rialóir a chlúdach le gealra órga nó scragall. Cuir na rialóirí ar taispeáint ar an mballa nó i Spás Beannaithe an ranga, leis an Riail Órga a chur i gcuimhne do na daltaí. Ba mhaith linn déileáil le daoine eile de réir mar a dhéileálann Íosa linne.



# An Chéadaoin – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Ghrá

**27 Eanáir 2021**

**Smaoinigh:**

- Tá iliomad saghsanna Grá ann. Bíonn grá ag na tuismitheoirí agus na seantuismitheoirí dúinn. Tugaimid grá do na rudaí suimiúla a dhéanaimid. Bíonn grá againn don pheata, don teidí, don bhábóg agus don bhréagán.

- Nuair a thugaimid grá do rud éigin, ciallaíonn sé go mbíonn ardmheas againn air, agus go mbíonn áit againn inár gcroí istigh dó.

- Mar phobal na scoile Caitlicí, foghlaimímid go bhfuil grá ollmhór ag Dia dúinn, agus gur mhaith leis go gcuirfimis aithne air agus grá a thabhairt dó freisin.

- Is féidir aithne feabhsaithe a chur ar Dhia trí ghuí chuige, agus é a ghrá níos fearr dá bharr.

**Scrúdaigh:**

- Iarr ar na daltaí smaoineamh ar dhuine nó ar rud a ghránn siad. Is féidir an phlé a dhéanamh i mbeirteanna. Tabhair nod dóibh más gá, m.sh. ball teaghlaigh. Is féidir iad seo a scríobh ar an gclár bán.

- Pléigh na tuismitheoirí/seantuismitheoirí agus an grá a thugann siad dúinn. Caithimid am lena chéile. Bímid cineálta lena chéile. Téimid amach in éineacht lena chéile. Ceiliúraimid ócáidí ar leith lena chéile ag an séipéal, an pósadh, an Chéad Chomaoin, chomh maith le hócáidí bróin má bhíonn sochraid ann. Léirímid an grá atá againn dá chéile trí bheith i bhfochair a chéile.

- Tá grá síoraí ag Dia dúinn. Cabhraíonn an urnaí linn labhairt le Dia, an té a éisteann i gcónaí linn. Bí ag caint leis na daltaí mar gheall ar na paidreacha a fhoghlaimíonn siad, Paidir na Maidine, mar shampla.

**Gníomhaíocht:**

- Ar an mbileog oibre is féidir leis na daltaí scríobh nó pictiúr a dhathú, maidir leis na daoine grámhara a gcuirfidís paidir in airde ar a son.

- Ansin déanann na daltaí guí os íseal. Labhraímid le Dia san urnaí, ach is féidir guí a dhéanamh trí bheith ag éisteacht go ciúin chomh maith. Labhraíonn siad go ciúin le Dia ag iarraidh air aire a thabhairt don mhuintir mhuirneach seo, duine i ndiaidh a chéile.







# An Déardaoin – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Teacht Aniar

**28 Eanáir 2021**

**Smaoinigh:**

- Ciallaíonn an teacht aniar gur féidir linn teacht chugainn féin má tharlaíonn deacrachtaí inár saol. Nuair a bhíonn an saol deacair, ní ghéillimid dó.
- Saol ait éagsúil atá ann ó thús na paindéime COVID-19, agus bíonn daoine buartha agus faoi bhrú dá bharr.
- I bpobal na scoile Caitlicí, múintear dúinn an teacht aniar agus aire a thabhairt don fholláine.
- Gránn Dia muid agus ba mhaith leis go mbeimis sona slán. Ba mhaith leis na múinteoirí, an fhoireann agus na CRS go mbeimis amhlaidh chomh maith.

**Scrúdaigh:**

- I Leabhar Exodus tá scéal faoi Mhaois agus faoin teacht aniar. Bhí na mílte sclábhaí san Éigipt. Scrúdaigh an bhrí atá le 'sclábhaí' agus an saol deacair a bheadh romhat mar sclábhaí. Chuir Dia glao ar fhear naofa darbh ainm Maois, na sclábhaithe a shaoradh agus a thabhairt slán ón Éigipt.
- Is féidir scéal Mhaois a fheiceáil ar Youtube: https://www.youtube. com/watch?v=8kNTUXomWP8
- Is é an ceacht le foghlaim anseo ná gur mhaith le Dia go mbeimis saor sona. Pléigh an scéal agus téigh siar ar an scéal ó Exodus.

**Gníomhaíocht:**

- Dathaigh an pictiúr de Mhaois is na hIosraeilítigh ag trasnú na Mara Rua.
- Ag tagairt do cheacht an lae inné, meabhraigh do na paistí go mbíonn grá síoraí ag Dia dóibh. Iarr orthu a bheith ciúin ar feadh nóiméid agus aon ábhar buartha atá acu a chur os comhair Dé. Is féidir guí ar son na ndaoine a mbeadh an grásta de dhíth go géar orthu. Meabhraigh do na páistí gur féidir leo labhairt leis an múinteoir ag am ar bith, má bhíonn rudaí ag cur as dóibh.





# An Aoine – Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Dóchais

**29 Eanáir 2021**

**Smaoinigh:**

- Léiríonn aiséirí Íosa go bhfuil grá Dé chomh láidir san, nárbh fhéidir leis an mbás é a chloí.
- Mar phobal na scoile Caitlicí, mairimid i nDóchas an Aiséirí.
- Ceiliúraimid grá Dé dúinn inniu, agus conas mar a rinne sé duine speisialta ar leith den uile dhuine againn.

**Scrúdaigh:**

- Meabhraigh do na daltaí méid ghrá Dé don uile dhuine. Bhronn sé tíolacthaí orainn agus déantar daoine ar leith dínn dá bharr.
- Labhair leis na páistí mar gheall ar na buanna a bhronn Dia orthu. Má éiríonn go maith le duine sa rang, cén ceiliúradh a dhéanaimid? Bualadh bos, comhghairdeas a rá, nó bosa arda?
- Bain úsáid as an mbileog ghníomhaíochta le hócáid nó éacht a aithint a bheadh mar ábhar ceiliúrtha acu féin agus ag na cairde.
- Nuair a bhíonn an bhileog ghníomhaíochta líonta agus daite, iarr ar na daltaí labhairt leis an rang mar gheall ar an éacht a rinneadar agus spreag an rang le haitheantas a thabhairt dó.

**Gníomhaíocht:**

- Líon an bhileog agus cuir ar an mballa nó sa Spás Beannaithe é.
- Críochnaigh leis an amhrán *God's Love is so Wonderful*. Cuireann sé i gcuimhne dúinn go ngránn Dia gach duine againn agus gur féidir linn muinín a bheith againn as an ngrá sin. https://www.youtube.com/watch?v=Ju38Sdc2cSg



# Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Dóchais

M'ainm ........................................

Duine ar leith mé toisc ........................................

........................................

Ainm mo chara ........................................

Duine ar leith is ea mo chara toisc ........................................

........................................

